# Fianaise  Aitheantais

Leis an gcóras nua Ghrinnfhiosrúcháin, tá ar an Iarratasóir fianaise ar aitheantais a sholáthair chun go mbeidh na Gardaí cinnte go bhfuil siad ag déanamh grinnfhiosrúcháin ar an duine ceart.

Seo a leanas na daoine a bhfuil fianaise ag teastáil uathu:

- Daoine atá os cionn 16 bliana d'aois agus faoi 18 mbliana d'aois a bheas ag obair i gColáiste Gaeilge.
- Tuismitheoir/Caomhnóir atá os cionn 18 mbliana d'aois agus atá ag síniú ag tabhairt cead do na Gardaí grinnfhiosrúcháin a dhéanamh ar ghasúr leo.
- Daoine atá os cionn 18 mbliana d'aois a bheas ag obair i gColáiste Gaeilge.

Tá ar a laghad, scór de 100 marc ag teastáil ó gach duine.

## Faoi 18 bliain d'aois:

Tá cóip amháin d'fhianaise ag teastáil.
Tá scór de 100 marc ar gach doiciméad acu seo
Teastas Breithe
Pas
Litir ó Phríomhoide scoile ag deimhniú go bhfuil an duine ag freastal ar scoil.

## Os cionn 18 bliain d'aois

Tá scór éagsúla (idir 20 marc agus 80 marc) ar na doiciméid éagsúla gurbh fhéidir úsáid mar fhianaise.
Caithfear cóip do dhá dhoiciméad a sholáthair chun ar a laghad 100 marc nó níos mó a fháil.

Féach ar an liosta agus na marcanna éagsúla is fiú gach doiciméad.